CINNEADH (CBES) 2023/614 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

An 14 Márta 2023

maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh do mhisean comhpháirtíochta míleata an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger) (EUMPM Niger/1/2023)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/2444 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 maidir le misean comhpháirtíochta míleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger) ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2022/2444, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh a bhaineann le, *inter alia*, Ceannasaí Mhisean a cheapadh ar mhisean comhpháirtíochta míleata an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger) ("Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh").

(2) An 2 Feabhra 2023, mhol údaráis mhíleata na hIodáile go gceapfaí an Coirnéal Antonio D'AGOSTINO mar chéad Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ón 1 Márta 2023.

(3) An 7 Feabhra 2023, thacaigh Ceannasaí Mhisean EUMPM Niger leis an ainmniúchán sin.

(4) An 10 Feabhra 2023, chomhaontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh a mholadh go gceapfadh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an Coirnéal Antonio D'AGOSTINO mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ón 1 Márta 2023.

(5) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Coirnéal Antonio D'AGOSTINO a cheapadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Coirnéal Antonio D'AGOSTINO mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar mhisean comhpháirtíochta míleata an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM Niger) ón 1 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Márta 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Márta 2023.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach

([1]) IO L 319, 13.12.2022, lch.86.